

Ábhar

Na Meáin Shóisialta

Mír Físe

Dearcadh mac léinn ar champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i leith *Facebook*

Téacs Léitheoireachta

Sliocht as alt ‘Ficsean nó *Facebook*? Do Phléisiúr Féin’ le Fionntán de Brún. *Léachtaí Cholm Cille XLII (Teagasc na Litríochta)*. Eag. Aisling Ní Dhonnchadha. An Sagart: 2012

Le caoinhead ón údar

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar an téacs d’fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



Facebook

Réamhobair

Beidh tú ag léamh sleachta as alt faoi *Facebook* agus beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil mic léinn éagsúla ó champas Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ag léiriú tuairimí faoi *Facebook*.

Sula léann tú an t-alt agus sula bhféachann tú ar an mír fise déan an réamhobair thíos.

- Cén dearcadh atá agat féin faoi *Facebook*? Pléigh le do pháirtí.
- Breac smaointe agus dréachtaigh creatlach do phíosa scríbhneoireachta dar teideal ‘Tionchar *Facebook* ar mo shaol’.
- Lig ort go bhfuil tú ag glacadh páirte i ndíospóireacht raidió ar stáisiún raidió an choláiste. Buntáistí agus míbhuntáistí *Facebook* a bheidh á bplé. Réitigh an stór focal a bheidh ag teastáil uait don díospóireacht.
- Féach ar na focail thíos a bheidh le feiceáil san alt – an dtuigeann tú iad?

sruth comhfheasa
heitribhéascna (*heteroglossia*)
comhuaineacht
an t-iarnua-aoiseachas

Léamh agus Éisteacht

- Léigh an t-alt agus freagair na ceisteanna seo a leanas:
 - o Cad iad na nithe dearfacha agus diúltacha a luann an t-údar faoi *Facebook*?
 - o Cad iad na tréithe a luann sé le mic léinn?
 - o ‘...nuair a bhí aiste le scríobh nó téacs le léamh acu, thagadh *Facebook* á mealladh leis ó aislingí Uí Rathaille agus ó oileán rúin Uí Dhireáin...’ An aontófá leis an ráiteas seo? An meallann *Facebook* tusa ó do chuid oibre?
- Anois féach ar an mír fise agus pléigh an cheist seo le do pháirtí:

Cé acu dearcadh i measc na gcainteoirí is cosúla le do dhearcadh féin faoi *Facebook*?

Feasacht Teanga

- ‘cén chomhairle’

Cén fáth a bhfuil séimhiú thuas? Pléigh agus déan na cinn seo:

cén (costas)?
cén (meánscoil)?

cén (bagairt)?
cén (tuarastal)?
cén (cáilíocht)?
cén (cruinniú)?

- Cén Ghaeilge a bhí ar na frásaí seo sa mhír físe?

they'll know who you're talking to and what you're talking about
the things they can sell to you and the things they can't sell to you
who they can make a profit on

- 'de mhic léinn bhliain na céime'

Déan cur síos ar na gnéithe den ghramadach atá sa fhrása thuas agus ansin bain amach na lúibíní thíos.

airgead (Banc na hÉireann)
torthaí (mic léinn na Gaeilge)
fadhbanna (coistí na Gaeltachta)
i gcomhthéacs (foghlaim na Gaeilge)
mic léinn (coláiste na bhFiann)

- 'lón samhlaíochta'

Cén bhrí atá leis an bhfocal 'lón' sa fhrása thuas? Pléigh agus mínigh na frásaí thíos.

lón anama
lón cogaidh

- Cuir na focail agus na frásaí seo as an alt in abairtí a léireodh a mbrí.

chomh marbh le hart
dála
cúinsí
ar ceathrúin gheimhridh
iomrá
choíche
i bhfad Éireann

- Cad é an difear idir na focail seo as an téacs agus na cinn eile atá cosúil leo? Cuir in abairtí iad a léireodh a mbrí.

d'aon ghuth
saothar
iliomad
iomarcaíocht

d'aon ghnó
ag saothrú
an iomarca

iomarcach

- 'nuair a d'fhiafraigh mé'

Cén difear atá idir ‘fiafraí’, ‘ceist a chur’ agus ‘fiosrú’? Pléigh agus cuir Gaeilge ar na habairtí seo thíos.

Ask her what time it is.
What’s her name? I don’t know – ask her.
I have to enquire if I can change my ticket.
I’ll ask her if I can change my appointment.
Don’t ask her anything about the exam.

Iarobair

Plé

- An aontaíonn tú leis an gcainteoir ar an mír físe a deir gur ‘cur amú ama’ é *Facebook*?
- An aontaíonn tú leis an ráiteas sa téacs gur ‘sclábhaithe scáileáin’ iad ‘glúin seo *Facebook*...atá i dtromshuan gan dúiseacht’?
- ‘...déanann sé gníomh sóisialta den ghníomh príobháideach agus am sóisialta den am príobháideach...’ Pléigh *Facebook* i gcomhthéacs an ráitis seo.

Tascanna

- Seo thíos sraith focal agus frásaí a scríobh duine mar gheall ar phictiúir in albaim ar leathanach *Facebook* a carad. Gan an focal ‘álainn’ a úsáid, déan iarracht leagan Gaeilge a chur ar fáil: ‘gorgeous photo!’, ‘you look great’, ‘I look awful’, ‘please delete that one of me!’, ‘stunning’, ‘you look like you’re having a ball’.
- ‘nach labhraíodh siad in am ar bith faoin úrscéal is déanaí a bhí léite acu’. Cén t-úrscéal is déanaí a léigh tú féin? Cé acu is fearr leat – scannán nó úrscéal? Scríobh alt gonta ag moladh ceann nó ceann eile den dá cheann.
- Lig ort go bhfuil tú féin agus an duine in aice leat ag glacadh páirte i *vox pop* faoi dhearcadh mac léinn i leith *Facebook*. Cumai gí agus cleachtaigí beirt an méid a déarfadh sibh os comhair an cheamara.

Téacs

Nuair a d'fhiafraigh mé de mhic léinn bhliain na céime anuraidh cén chomhairle a bheadh acu dóibh siúd a bhí le teacht ina ndiaidh, ba é an rud a dúirt siad d'aon ghuth beagnach nár chóir an oiread céanna ama a chaitheamh ar shuíomh *Facebook* agus a bhí caite acu féin. Dar leo, nuair a bhí aiste le scríobh nó téacs le léamh acu, thagadh *Facebook* á mealladh leis ó aislingí Uí Rathaille agus ó oileán rúin Uí Dhireáin. Ní hiontas ar bith é gurb é *Facebook* an t-aon leabhar nach dtig le mic léinn a fhágáil uathu. Is é an bua atá ag *Facebook* ar na leabhair eile, gur leabhar é atá i gcónaí ar oscailt – léitear agus scríobhtar san am céanna é, tá sé ina pháipéar bán agus ina pháipéar breac sa bhomaite chéanna. Murab ionann agus an saothar liteartha a bhfuil a údar chomh marbh le hart, ní hé amháin go bhfuil údair *Facebook* beo, is údar gach léitheoir agus is léitheoir gach údar. In ainneoin gurb é an cineál ruda a scríobhann údair *Facebook*: ‘Going out tonight, whooeh!’ nó ‘Just had a cheese sandwich, yum, yum’, (is annamh a scríobhtar i nGaeilge cé go bhfuil athrú ag teacht air sin le deireanas) tá rud cruthaithe ag leabhar sin na n-aghaidheanna a shantaigh úrscéalaithe móra an domhain le fada – sruth comhfheasa, an iliomad glórtha, heitribhéacsna. Lena chois sin, tá comhuaineacht sin *Facebook* ar na hearraí is mó a shantaítear san aois ina mairimid. Ar a laghad ar bith, is mar sin a thuigtear don chriticeoir Fredric Jameson é ina aiste siúd ‘The end of temporality’ ina n-áiríonn sé ‘the reduction to the present’ ar shaintréithe ré seo an iarnua-aoiseachais. Luann Jameson an scannán *Speed* (1994) mar eiseamláir den tréith seo. Scannán é seo faoi bhuama atá ar bhus, buama a phléascfaidh má théann an tiománaí faoi chaoga míle san uair nó os a chionn. Cealaítear an teamparáltas féin in *Speed*, nó má imítear ar chor ar bith ón staid láithreach, pléascfar na carachtair agus beidh deireadh anabái leis an scannán.

In ainneoin a bhfuiltear a rá faoi ghlúin seo *Facebook*, gur sclábhaithe scáileáin iad atá i dtromshuan gan dúiseacht, tá acmhainn réabhlóide ag an óige, dar liom, nach gceansaítear choíche. D’úsáid siad *Facebook* agus *Twitter* mar uirlis cheannairce sna ‘réabhlóidí Arabacha’ agus chuir iontas ar a dtuismitheoirí dá réir. Mar a mhaígh Mustafa Gheriani, duine de cheannairí an fhreasúra i Libia, ‘Older people are saying, “We never thought these *Facebook* kids, with their gelled hair and their jeans hanging down, could be so brave”... I saw them standing bare-chested in front of tanks on the streets. They had no fear. It was like all of a sudden the youth we thought were sleeping woke up with a roar.’ Anois, má thig le glúin *Facebook* dúshlán na dtancanna a thabhairt, aon seans go léifeadh siad *Cré na Cille* nó go fiú ‘Cill Liadáin’ roimh an rang?

Níl mé ag maíomh go bhfuil teicneolaíocht na faisnéise ag marú na litríochta. An siopa idirlín is mó i Meiriceá, Amazon, siopa leabhar atá ann. Níl me ag rá ach oiread nach mbíonn daoine óga ag léamh – bíonn páistí bunscoile agus déagóirí óga, go háirithe, ag alpadh leabhair J.K. Rowling, Ré Uí Laighléis, Eoin Colfer agus Rick Riordan. Maidir le mic léinn ollscoile áfach, tá eagla orm nach bhfuil nós na léitheoireachta chomh coitianta céanna ná baol air. Sula raibh aon iomrá ar *Facebook*, dúirt Gore Vidal sna 1990í faoi na mic léinn ollscoile a mbíodh sé ag tabhairt léachtaí dóibh go labhraíodh siad faoin scannán deireanach a bhí feicthe acu, nó uaireanta faoin chlár teilifíse a bhí san fhaisean ach nach labhraíodh siad in am ar bith faoin úrscéal is déanaí a bhí léite acu. Ní hé nach bhfuil fiosracht caillte ag mic léinn ollscoile ná nach bhfuil lón samhlaíochta ag teastáil uathu, tá acmhainn radacachais iontu nach bhfuil in aoisghrúpa ar bith eile sa tsochaí. Ach dála na bhFiann nó an *Männerbund* agus na buíonta eile sin a phléigh Kim McCone ina ailt faoi chúlra Ind-Eorpach na Fiannaíochta, maireann mic léinn ollscoile den chuid is mó taobh amuigh den tsochaí, i limistéar beag dá gcuid féin nó go ngéilleann siad do chúinsí an mhórphobail agus go dtéann siad ar ceathrúin

gheimhridh go buan ann. Sa seal beag blianta a bhíonn acu ar ollscoil, áfach, bíonn siad i ndlúthchuideachta le chéile agus is ar dhlúthchaidreamh sóisialta a bhíonn a n-aird seachas aon ní eile. Cá hiontas é gur leisce leo imeacht leo féin agus uaireanta an chloig a chaitheamh le gníomh príobháideach aonair na léitheoireachta? Sin an áit a bhfuil cathú *Facebook* – déanann sé gníomh sóisialta den ghníomh príobháideach agus am sóisialta den am príobháideach.

Ní hé amháin go santaíonn mic léinn ollscoile an t-am sóisialta, tá acmhainn réabhlóideach sna gréasáin shóisialta ina mbíonn mic léinn ollscoile sáite mar ghrúpa – ní hiontas gur in Ollscoil Harvard a saolaíodh *Facebook* an chéad lá riamh agus gurb é atá déanta aige gréasán sóisialta na hollscoile a theilgean ar fud an domhain. Tá cuid mhór le foghlaim againn uaidh mar theagascóirí agus ní gá go mbeimis naimhdeach dá chéile. A bhuí le leabhar nuafhoilsithe sin Thaidhg Uí Dhúshláine, táimid ag ceiliúradh réabhlóid *Innti* an deireadh seachtaine seo. Gan an gréasán sóisialta sin a dhlúthaigh i gCorcaigh sna 1970í i measc fhilí *Innti* bheadh nualitríocht na Gaeilge i bhfad Éireann ní ba bhoichte. Cén áit eile ach ar ollscoil a dtiocfadh grúpa den chineál chéanna sin le chéile go rachadh i bhfeidhm ar a chéile ina bhuama cruthaitheachta? Cá mhéad acu siúd a bhfuil iomrá orthu ó shin nach dtiocfadh aon bhláth orthu gan an gréasán sóisialta liteartha réabhlóideach sin? Déarfainn go mbeadh go leor againn sásta dá mbláthódh gréasán *léitheoirí* faoinár gcúram, gan trácht ar ghréasán filí nó údar.

As an alt ‘Ficsean nó *Facebook*? Do Phléisiúr Féin’ le Fionntán de Brún. *Léachtaí Cholm Cille XLII (Teagasc na Litríochta)*. Eag. Aisling Ní Dhonnchadha. An Sagart: 2012. Le caoinhead ón údar.

Téipscript

Cainteoir 1

Ó bainim úsáid as *Facebook* beagnach gach uile lá. Tá mo chairde uilig beagnach ina gcónaí thar lear faoi láthair mar gheall ar...post agus mar sin *so* tá sé i bhfad níos éasca chun teagmháil a dhéanamh leo tríd an meán sin.

Cainteoir 2

Tá sé an-áisiúil a bheith ag teagmháil do chairde atá thar lear anois de bharr an chúlú eacnamaíochta. Tá an chuid is mó de mo chairde ag múineadh thar lear – i gCóiré, agus sa Fhrainc freisin *so* bíim i dteagmháil leo sin...is áis...tá sé an-áisiúil ach ag an am céanna tá mé cineáillín gafa.

Cainteoir 3

Caitheann tú oiread ama *just* ag breathnú tríd agus ag caint le daoine agus b'fhéidir nach mbeidís ach sa seomra in aice leat agus bheifeá ag caint leo ar *Facebook* agus níl ciall ar bith leis ná *just* dul síos le haghaidh caife, *you know*, agus caitheann tú...cuireann tú go leor leor ama amú nuair atá tú sa leabharlann ag féachaint ar *Facebook*.

Cainteoir 4

Ní bhainim aon úsáid as *Facebook* agus níl aon chuntas *Facebook* agam. Is dóigh liom gur cur amú ama é agus go gcuireann sé isteach ar obair ollscoile agus mar sin de.

Cainteoir 5

Tá sé saor in aisce *so* tá sé éasca a bheith ag coinneáil i dteagmháil le daoine agus go mór mór nuair atá tú imithe ón choláiste tá tú in ann fanacht i dteagmháil le daoine a bhí tú in éineacht leo ag an gcoláiste – tá sé go maith.

Cainteoir 6

Bainim úsáid as *Facebook* ach le mo chairde Eorpacha amháin. Níl cead ag cairde ná clann Éireannach a bheith cara liom ar *Facebook*.

Cainteoir 7

Bhí mé ar bhliain *Erasmus* nuair a shetáil mé suas an cuntas *so* sin an úsáid is mó a bhainim as chun fanacht i dteagmháil leis na cairde sin.

Cainteoir 8

An chéad uair a chuaigh mise ar *Facebook* ariamh bhí mé ag dul anonn go tír na mBascach agus sé an t-aon fáth a ndearna mé é ná déanamh cinnte céard atá ag tarlú sa mbaile. Is dócha gurb é an rud is measa faoi ansin ná go bhfuil a fhios ag an saol mór céard iad na rudaí is maith leat agus céard iad na rudaí nach maith leat agus céard atá siad in ann a dhíol leat agus

céard nach bhfuil siad in ann a dhíol leat agus cé air a bhfuil siad in ann brabach a dhéanamh agus de do bhuíochas is féidir leo é sin a fháil amach – is cuma cén sórt rud a chuirfeas tú suas in aghaidh é beidh a fhios acu cé leis a bhfuil tú ag caint agus céard faoi a bhfuil tú ag caint.